# Ábhair cheannoscailte a úsáid

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*:*Folláine agus Leas*, Féiniúlacht agus Muintearas, *Cumarsáid a Dhéanamh*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*
*Treoirlínte don Dea-Chleachtas* Foghlaim agus forbairt trí mheán an tSúgartha (lgh. 57 agus 103-106)

***Caighdeáin* Síolta**
1: *Cearta an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3
2: *Timpeallachtaí*, C2.5, 2.6, 2.7
6: *Súgradh*, C6.5
Achoimrí Taighde atá nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

## Céard is ábhair cheannoscailte ann?

Is ábhair iad ábhair cheannoscailte (nó comhpháirteanna scaoilte) is féidir le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a úsáid ar roinnt bealaí éagsúla laistigh agus lasmuigh. Is féidir leis an leanbh iad a bhogadh, a iompar, a chur le chéile, agus a athdhearadh ar a rogha bealach. Is féidir leo a bheith nádúrtha nó monaraithe agus déantar iad a fhoinsiú ar roinnt bealaí:

- sa **dúlra** - ach cuairt a thabhairt ar choillte, tránna, agus gairdíní
- iarraidh ar thuismitheoirí ábhair a thabhairt isteach ón **mbaile**
- **athchúrsáil** sa suíomh
- clárú le **hionad athchúrsála**, áit a bhfágann gnólachtaí táirgí caite nó fotháirgí

## Cén fáth ábhair cheannoscailte a úsáid?

Is breá le leanaí ábhair cheannoscailte mar gheall ar na deiseanna a thugann siad dóibh. Spreagtar an tsamhlaíocht, an chruthaitheacht, agus scileanna fadhbréitigh nuair a úsáidtear ábhair cheannoscailte, rud a fhágann go mbíonn an súgradh níos saibhre agus níos casta. Cinntíonn an cineál súgartha seo foghlaim shaibhir agus bíonn spraoi ag baint leis freisin! Mar shampla, tacaíonn úsáid ábhair cheannoscailte le ról na leanaí mar eolaithe, a bhíonn i gcónaí ag déanamh turgnamh, ag tástáil smaointe, agus ag cur lena dtuiscint ar an saol. De réir mar a shúgraíonn leanaí leis na hábhair, bíonn siad ag cur a dtarlaíonn faoi chaibidil, ag teacht aníos le bealaí nua leis na hábhair a úsáid, ag cinneadh gur féidir le rud amháin seasamh do rud éigin eile, agus ag úsáid neart teanga. Tá an cineál súgartha seo ceannoscailte agus cuireann sé go mór leis an smaointeoireacht chruthaitheach.
Nuair a úsáidtear ábhair cheannoscailte, tugtar saoirse do leanaí roghnú agus cruthú, rud a fhorbraíonn a gcuid muiníne agus inniúlachta. Ach teacht a bheith acu ar théip ghreamaitheach, siosúr, péint, páipéar, agus gliú cuirtear le deiseanna cruthaitheachta do lapadáin atá ag níos sine agus do leanaí óga.
Is féidir píosa simplí fabraice a úsáid mar abhainn, clóca, éadach boird, pluid, cuid de phluais nó mar rud éigin eile fiú amháin!

Bíonn ábhair cheannoscailte oiriúnach le húsáid ag na leanaí go léir de bhrí go láimhseoidh siad agus go n-úsáidfidh siad iad de réir a gcéime forbartha féin.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Ról an chleachtóra

Is é do ról an timpeallacht a ullmhú le roinnt mhaith ábhair cheannoscailte atá sábháilte agus a thugann a ndúshlán. Seans go mbeidh ort bealaí le hábhair a úsáid a léiriú nó a mholadh ó am go chéile, gan insint do leanaí céard go díreach atá i gceist agat. Príomhghné de do ról is ea breathnú ar a mbíonn ag titim amach/ar a mbíonn na leanaí a fhoghlaim, agus é sin a dhoiciméadú, agus pleanáil chun tacú leis an bhfoghlaim sin agus í a leathnú ar bhealaí eile.

## Ábhair cheannoscailte a stóráil

Ní mór ábhair áirithe, ar nós coirte nó gainimh, a chlúdach agus a athrú go rialta. Is féidir boscaí móra, trálaithe nó seilfeanna oscailte, bídís laistigh nó lasmuigh, a úsáid le hábhair a choinneáil in ord.  Is tábhachtach, ámh, ligean don taiscéalaíocht leanúint ar aghaidh ó lá go lá gan bhac, rud a fhágann gur cheart ábhair a fhágáil amach thar oíche anois is arís ionas gur féidir leis na leanaí tosú ag súgradh leo arís an lá dár gcionn.

Bíodh rogha míreanna stórála ar fáil ar mhéideanna éagsúla. Is féidir míreanna beaga a stóráil i gciseáin, boscaí adhmaid nó i ngabhdáin phlaisteacha thrédhearcacha. Má úsáideann leanaí ar aoiseanna éagsúla an spás, cinntigh go ndéantar na rudaí nach bhfuil oiriúnach ach do na leanaí is sine a stóráil go slán sábháilte nuair a bhíonn naíonáin agus lapadáin san áit.



## Réamhchúraimí sábháilteachta

Coinnítear na hábhair glan, faoi dhea-bhail, agus déan iad a athsholáthar nuair is gá. Bí ar an airdeall faoi na hailléirgí a bhíonn ar leanaí agus seachain ábhair cheannoscailte a mbíonn baint acu le hailléirginí, mar shampla, cartáin bhainne nó ábhair a thagann i dteagmháil le cnónna.

I gcás naíonán agus lapadán, is gá duit a bheith aireach ar rudaí a d’fhéadfadh a bheith ina nguais tachta chomh maith!







Seo a leanas roinnt samplaí d’**ábhair cheannoscailte**. Níl an liosta seo ceaptha a bheith uileghabhálach, ach chun tú a chur ag smaoineamh faoi ábhair a mbeadh suim ag leanaí iontu. Úsáid aon ábhair atá oiriúnach agus bíodh súil in airde agat le míreanna atá ar fáil i do cheantar.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| • Liathróidí<br>• Bambú<br>• Coirt<br>• Ciseáin<br>• Ciseáin agus bratóga/ fallaingí<br>• Bloic<br>• Caipíní buidéil<br>• Boscaí (ar mhéideanna éagsúla)<br>• Buicéid<br>• Cnaipí | • Slabhraí<br>• Cailc<br>• Cliathbhoscaí<br>• Cúisíní<br>• Frapaí feistis<br>• Ubhchartáin (gan úsáid)<br>• Fabraic (cuirtíní, seálta)<br>• Cleití<br>• Potaí blátha | • Coimeádáin bhia<br>• Tonnadóirí<br>• Gáitéarlach<br>• Trilseacháin<br>• Osáin<br>• Claibíní próca<br>• Eochracha<br>• Duilleoga<br>• Piseánach<br>• Lomáin<br>• Sparáin leathair | • Irisí<br>• Caonach<br>• Nuachtáin<br>• Cnónna agus boltaí<br>• Pailléid<br>• Páipéar<br>• Plátaí páipéir<br>• Pasta<br>• Méaróga<br>• Pionnaí<br>• Buaircíní<br>• Píopaí | • Cláir adhmaid<br>• Buidéil phlaisteacha<br>• Ribíní<br>• Téad<br>• Gaineamh agus gairbhéal<br>• Sáspain<br>• Sliogáin<br>• Spóil agus crainn tochrais<br>• Téip<br>• Clocha | • Soip/Sifíní<br>• Sreangáin<br>• Tráidirí<br>• Stumpaí crann<br>• Feadáin<br>• Craobhóga<br>• Boinn<br>• Ballapháipéar<br>• Uisce<br>• Clingíní gaoithe<br>• Uirlisí adhmaid |





